Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**9126/2/25**
**REV 2 ADD 2**

**CORLX 476**
**CFSP/PESC 724**
**RELEX 604**
**COEST 383**
**FIN 529**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach**

Aithníonn an Coimisiún na hábhair imní atá ann faoi láthair maidir leis an mbrú leanúnach atá ar earnáil loingseoireachta an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs chur chun feidhme na smachtbhannaí agus an riosca imchéimniúcháin trí bhabhtáil bratach agus athchlárú lasmuigh den Aontas.

Chun tacú le tionscal na loingseoireachta agus chun cur i gcoinne an riosca a bhaineann le díchlárú brataí, déanfaidh an Coimisiún comhordú, go háirithe, le comhpháirtithe i gcomhghuaillíocht na caidhpe praghais ar ola chun cur chuige comhpháirteach a chur chun cinn maidir leis an gcaidhp phraghais a shocrú agus a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin cothrom iomaíochta a chothú.

An tráth céanna, cuirfidh an Coimisiún dlús lena chuid oibre for-rochtana le stáit bhrataí tríú tír chun ailíniú le forfheidhmiú smachtbhannaí an Aontais a spreagadh agus chun na soithí sin de chuid an Aontais a bhfuil díchlárú brataí déanta acu a dhíspreagadh ionas nach bhfaighidh siad bratach tríú tír chun smachtbhannaí an Aontais a sheachaint.

I ndlúthchomhar leis an gComhairle agus leis na Ballstáit, saothróidh an Coimisiún na cuspóirí sin, i gcomhréir lena ról faoi Chonarthaí an Aontais chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais.

Go sonrach, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an athchláraithe lasmuigh den Aontas chun teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn córasach faoi dhíchlárú óna gclárlann bratach. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 3na de Rialachán 833/2014, lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún faisnéis a chomhroinnt le chéile chun soithí a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de scáthchabhlach na Rúise nó a d'fhéadfadh éirí ina gcuid de a shainaithint. Agus an fhaisnéis sin á cur san áireamh agus i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), déanfaidh an Coimisiún faireachán struchtúrach ar athruithe brataí agus ar ghluaiseachtaí soithí, agus aird ar leith á tabhairt ar an scáthchabhlach, mar a thugtar air.

Tuairisceoidh an Coimisiún torthaí ábhartha don Chomhairle agus dá comhlachtaí ullmhúcháin chun tacú le cumas an Aontais liostaí breise a mheasúnú agus a mholadh. Na soithí sin a rinne a mbratach féin a dhíchlárú agus a rannchuidigh le hioncam fuinnimh na Rúise, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu sa chomhthéacs sin agus féadfar tús áite a thabhairt dóibh maidir le liostú amach anseo.

Eiseoidh an Coimisiún fógra chun na hoibreoirí agus na húinéirí soithí uile a chur ar an eolas faoin nós imeachta sin agus faoina chur chun feidhme docht agus gurb ann d'oibleagáidí díchill chuí faoi dhlí an Aontais chun a áirithiú nach n úsáidfear soithí a rinne a mbratach a dhíchlárú ó chlárlanna an Aontais chun teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais.  Leis an bhfógra, cuirfear in iúl freisin d'oibreoirí agus d'úinéirí soithí go bhfuil baol mór ann go molfar iad a liostú faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais mar gheall ar aon díchlárú ó chlárlanna bratach an Aontais chun ola na Rúise a iompar de shárú ar smachtbhannaí an Aontais.